ea

Iompraíocht Bunscoile Tacaíocht & Soláthairtí

Déanamh Réidh do Rang 1

Le cuidiú leatsa caidreamh a chothú le do chuid daltaí úra

Urraithe ag Foras na Gaeilge

Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tAisaonad

Baineann an áis seo le caidreamh a chothú

San fhoireann Iompraíochta Bunscoile – Tacaíocht agus Soláthairtí, leanaimid treoir 6 phrionsabal an Chothaithe. Aithnítear, leis an séú prionsabal, a thábhachtaí a bhíonn an t-aistriú ó chéim go céim i saol an pháiste.
Mar thoradh ar na cúinsí faoina mairimid faoi láthair, cúinsí a d'eascair as an dianghlasáil, bhí ar na páistí réamhscoile s'againn cur suas le haistrithe breise le bliain anuas. Gach seans go ndearna siad an t-aistriú chuig an suíomh réamhscolaíochta, gur aistrigh siad ansin chuig an fhoghlaim sa bhaile agus, anois, go bhfuil siad ag aistriú isteach i Rang 1. In amanna, cuireann go fiú athruithe beaga sa ghnáthamh laethúil as do roinnt páistí. Ach corruair, an dóigh is fearr le páistí a dhéanamh réidh don fhoghlaim ná iad taithí a fháil ar chaidrimh dhearfacha.

Tá fócas ar leith san áis seo ar smaointe a chur ar fáil duitse le caidreamh úr dearfach a chothú idir na daltaí úra Rang 1, foireann na scoile agus tú féin.

An áis seo a úsáid

Úsáid na teimpléid atá istigh san áis seo le treoir shimplí faoin scoil a chruthú. Tabhair tús áite don leathanach lena gcuirtear na daoine fásta i láthair na ndaltaí. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí atá dírithe ar an naíscoil seans duit aithne a chur ar do chuid daltaí agus deis dóibh féin machnamh a dhéanamh ar an eispéireas a fuair siad sa naíscoil. Tá sé seo tábhachtach nó ligfidh sé dóibh é seo a phróiseáil i gcomhthéacs an aistrithe chuig an chéad chéim eile. Spreag iad leis na chéad chéimeanna a ghlacadh i mbunú an chaidrimh le foireann na scoile e.g. pictiúir a chur chuig ríomhphost na scoile.

Roinn na straitéisí a dtig iad a úsáid le tacú leis an iompar dearfach ar bhealach a laghdóidh an teannas agus a gcothóidh caidreamh dearfach leis an fhoireann ar fad a bhíonn ag obair le R1.



Táimid ag dúil go mór le bualadh leat!

Cuir grianghraf anseo

Is mise:

Bím ag cuidiú leat tríd:

An rud is fearr liom faoi R1 ná:

Cuir grianghraf anseo

Is mise:

Bím ag cuidiú leat tríd:

An rud is fearr liom faoi R1 ná:

ea

Seo an clós súgartha

Ar na cluichí a imrímid taobh amuigh, tá...

Cuir grianghraf den chlós anseo

Cuir grianghraf anseo

Seo an doras chuig an chlós súgartha

Cuir grianghraf anseo

Gabh chuig an duine seo má bhíonn cuidiú de dhíth ort taobh amuigh

Seo do sheomra ranga nua

Ar na cluichí a imrímid taobh istigh, tá...

Cuir grianghraf den seomra ranga anseo

Cuir grianghraf anseo

Seo an áit a suímid faoi choinne scéil

Cuir grianghraf anseo

Seo an áit a nímid na lámha

ea

Abair linn faoin naíscoil s'agat

Tarraing pictiúr de na daoine fásta a chuidigh leat

Tarraing pictiúr de na cairde a bhí agat sa naíscoil

Abair linn faoi do naíscoil

Cad é an scéal ab fhearr leat sa naíscoil?

Cén smailc bia ab fhearr leat sa naíscoil?

Cad iad na bréagáin ab fhearr leat sa naíscoil?

ea

Coinnigh i dTeagmháil!

Is é ríomhphost na scoile...

Abair linn faoi na rudaí a bheidh tú a dhéanamh le linn shaoire an tsamhraidh

Ar mhaith leat rud ar bith eile a fháil amach? Cuir ríomhphost chugainn. Cuir ceist.

An bhfuil tú ag déanamh réidh do Rang 1? Cuir pictiúir chugainn, abair linn faoi.

An grúpa Rang 1 seo

Beidh an grúpa seo a bheas ag teacht isteach chugat i Rang 1 i mbliana difriúil le gach bliain eile nó tá i bhfad níos lú ama caite acu i suíomh réamhscolaíochta. Is é an chéad phrionsabal den chothú go mbíonn orainn glacadh le páistí ag a leibhéal mothúchánach/forbartha féin – ní ag an leibhéal acadúil a mbeadh muid féin ag súil leis. Is fiú an t-acrainm Béarla **PACE** a úsáid mar struchtúr úsáideach le cuidiú leat straitéisí agus tacaíocht a thógáil thart ar na páistí nua a bheas faoi do chúram.

Playfulness- léirigh do na páistí go bhfuil tú sásta bheith ina gcuideachta

Bíodh spraoi agaibh le chéile – bí páirteach i súgradh na bpáistí

Beannaigh do gach aon pháiste ar theacht isteach dó nó di gach lá – bíodh beannacht speisialta ranga agaibh, 'aer-bhosa in airde', mar shampla.

Nós imeachta – is cuma cad é a tharlódh le linn an lae, go bhfágfadh gach páiste an scoil gach lá agus spion dearfach air nó uirthi

Deiseanna breise faoi choinne foghlaim súgradh-bhunaithe – tús áite do na caidrimh agus an nascacht sa rang

Acceptance – glac leis an staid reatha agus le cúrsaí mar atá anois

Glac le do chuid daltaí mar atá siad - déan ceiliúradh ar iarrachtaí agus buanna beaga gach lá

Aithin mothúcháin do chuid daltaí, go fiú mura mbíonn an t-iompar a eascraíonn as na mothúcháin sin inghlactha

Féinchúram – ná bí trom ort féin. Caithfidh tusa teacht isteach ar athruithe fosta

Curiosity – bí fiosrach le do chuid daltaí nuair a bhíonn a n-iompar doghlactha

Fiosraigh os ard...

- An é go bhfuil fearg ort mar gheall ar....
- An é gur dhúirt duine éigin rud le cur isteach uirthi...
- An mbeadh sé ina chuidiú dá...

Empathy

Léirigh do do chuid daltaí gur cás leat a gcuid mothúchán

Úsáid carachtair i scéaltaí agus puipéid le mothúcháin agus dúshláin a fhiosrú

Ná bí ag iarraidh gach uile fhadhb 'a réiteach' láithreach bonn ach cuir ina luí ar an duine eile nach gcaithfidh sé nó sí plé leis an bhuaireamh leis nó léi féin

Teannas a Laghdú

Scaoil an strus – tabhair aird ar an chuid den chorp atá le rialú

Ciceáil – déan rith! (Déan ráibeanna sa chlós.)

Caitheamh seile – séid bolgáin!

Corrthónacht – gread taos!

Roghanna teoranta a úsáid – maolaíonn sé seo brú

Seo nó sin – Cé acu ab fhearr leat a úsáid, peann nó peann luaidhe?

An dóigh lena dhéanamh – an siúlfaidh muid chuig an chlós go mall nó go gasta?

Cá mhéad – ar mhaith leat 1 nó 2 leathanach don phictiúr s'agat?

Cé a chuideoidh – ar mhaith leat go gcuideodh (duine fásta) A nó B leat?

Cén dath – ar mhaith leat an cupán dearg nó an cupán gorm?

Léirigh suim in áit moladh nó cáineadh a dhéanamh – seachnaíonn sé seo 'caidreamh ar coinníoll'

Tabhair faoi deara agus déan trácht (gan chur isteach)

- Tá tú ag glanadh suas. Cuideoidh sé sin leis na glantóirí.
- Tá tú ag luascadh ar do chathaoir.

Féinsuaimhniú – nuair a fheiceann tú go bhfuil cúrsaí teann nó casta

Cuir bréagán de chineál éigin ar fáil a dtiocfadh leis an pháiste bheith ag útamáil leis agus é nó í ag éisteacht leat – sin nó fiú leathanach le pictiúr a tharraingt (go fiú le grúpaí beaga nó ar bhonn aonair)

Eiseamláiriú – bíonn sé níos éifeachtaí eiseamláiriú a dhéanamh in áit bheith ag plé go díreach le hiompar

Má úsáideann páiste teanga atá mífhóirsteanach, abair an frása céanna ar ais leis nó léi, mar chuid de chomhrá, ach an teanga chuí in úsáid agat féin. Mothóidh an páiste go bhfuil tú ag éisteacht leis nó léi agus tugtar rogha mhalartach fhóirsteanach dó nó di.

Páiste – Is *** fuath liom an scoil seo.

Duine fásta – Is fuath leat an scoil seo anois.